An Coimisiún Pleanála

# Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le Nochtadh Cosanta

**Deireadh Fómhair 2025**

**Clár Ábhar**


1. Réamhrá ... 3
2. Mínithe ... 5
3. Coimircí ... 8
4. Conas Ábhar Imní a Chur in Iúl ... 11
5. Conas a Fhreagróidh an Coimisiún Pleanála ... 13
6. Bealaí Seachtracha chun Nochtaí Cosanta a Dhéanamh ... 16
7. Athbhreithniú ar Bhreitheanna ... 20
8. Nithe Ginearálta Eile ... 21
9. Na hOifigigh Fhreagracha ... 21

Aguisín 1: Achoimre ar an bPróiseas Nochta Chosanta sa Choimisiún Pleanála. ... 22

# 1. Réamhrá

1.1 Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 (Acht 2022), ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil maidir le hoibrithe atá nó a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí do dhéanamh nochtaí cosanta. Glacadh leis an mbeartas agus na nósanna imeachta seo maidir le Nochtadh Cosanta agus aird á tabhairt, inter alia, ar fhorálacha Acht 2014, arna leasú le hAcht 2022, agus ar threoir ghaolmhar arna foilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

1.2 Tá an Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le Nochtadh Cosanta ón gCoimisiún Pleanála ceaptha chun pearsanra a chumasú chun faisnéis iomchuí a nochtadh, ar faisnéis í a bhféadfar éagóiritheoireacht iomchuí amháin nó níos mó a léiriú inti, i dtuairim réasúnach an duine atá ag déanamh an nochta, agus a tháinig ar aird an duine i gcomhthéacs oibre.

1.3 Gné lárnach den Bheartas agus Nósanna Imeachta seo is ea go gcuirtear san áireamh ann gur féidir nach mbeidh Coimisinéirí Pleanála/baill foirne compordach in imthosca áirithe agus ar chúiseanna éagsúla nithe áirithe a thuairisciú trí na gnáthbhealaí tuairiscithe nó gur féidir nach mbeidh muinín acu go ndéileálfar i gceart leis na nithe sin trí na bealaí sin. D’fhéadfadh sé sin a bheith mar gheall ar ábhair imní a bhaineann le tromchúis an ní atá i gceist nó go bhféadfaí a bheith den tuairim go bhféadfaí a mheas go bhfuil sé mídhílis do chomhghleacaithe nó don eagraíocht nithe den sórt sin a chur in iúl. I roinnt imthosca, is féidir go mbeidh eagla ar an duine a bhfuil ábhar imní aige nó aici faoi ní go bhféadfadh ciapadh, íospairt nó deacrachtaí i gcaidrimh comhaltaí/ball foirne a bheith mar thoradh ar an ní a chur in iúl.

1.4 Tá an Coimisiún Pleanála tiomanta do na caighdeáin is airde is féidir ó thaobh oscailteachta, ionracais agus cuntasachta de agus, i gcomhréir leis an tiomantas sin, molann sé do gach Coimisinéir Pleanála/ball foirne agus do dhaoine eile a bhfuil ábhair imní dhílse acu faoi aon ghné d’obair nó oibríochtaí an Choimisiúin aon ábhair imní den sórt sin a chur in iúl. Leagtar amach go soiléir sa Bheartas agus Nósanna Imeachta seo gur féidir le Coimisinéirí Pleanála/le baill foirne agus le daoine eile déanamh amhlaidh gan eagla roimh íospairt nó roimh chiapadh agus go ndéanfar a n-ábhair imní a imscrúdú agus go ndéanfar gníomh cuí i gcás gur gá. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, áfach, gur cion do dhuine é faisnéis bhréagach a chur in iúl nó a

scaipeadh go feasach. Measfar gur ní an-tromchúiseach é sin ar féidir leis a bheith ina chúis le gníomhachtú an chóid araíonachta.

1.5 Tá sé mar aidhm leis an mBeartas agus Nósanna Imeachta seo:

- Coimisinéirí Pleanála/baill foirne agus daoine eile a spreagadh chun muinín a bheith acu as ábhair imní faoi éagóiritheoireacht fhéideartha a chur in iúl.

- Bealach soiléir a sholáthar do Choimisinéirí Pleanála/do bhaill foirne agus do dhaoine eile chun na hábhair imní sin a chur in iúl go hinmheánach agus aiseolas a fháil ar aon ghníomh leantach a dhéantar.

- Míniú a thabhairt ar na bealaí agus na nósanna imeachta a bhaineann le nochtaí a dhéanamh lasmuigh den eagraíocht.

- A chinntiú go bhfaigheann Coimisinéirí Pleanála/baill foirne agus daoine eile freagra ar a n-ábhair imní agus go bhfuil siad ar an eolas faoi conas a n-ábhair imní a shaothrú tuilleadh mura bhfuil siad sásta.

- A chur in iúl do Choimisinéirí Pleanála/do bhaill foirne agus do dhaoine eile go ndéanfar iad a chosaint ar chiapadh féideartha nó ar íospairt fhéideartha má tá tuairim réasúnach acu gur thug siad aon tuairisc nochta chosanta de mheon macánta.

# 2. Mínithe

## 2.1 Daoine atá cumhdaithe ag an mBeartas agus Nósanna Imeachta seo

Tá feidhm ag an mBeartas agus Nósanna Imeachta seo maidir le gach Coimisinéir Pleanála, le gach ball foirne (lena n-áirítear oiliúnaithe, oibrithe sealadacha, intéirnigh agus iad siúd atá ar thaithí oibre), le gach conraitheoir, le gach sainchomhairleoir agus le haon oibrithe gníomhaireachta.

Tá feidhm aige freisin maidir le **hiar**bhaill foirne agus le **hiar**choimisinéirí pleanála/le **hiar**chomhaltaí Boird agus le haon duine aonair atá nó a bhí páirteach i bpróiseas earcaíochta a bhaineann leis an eagraíocht.

## 2.2 Eisiaimh

Tá sé beartaithe go gcumhdófar go ginearálta leis an mBeartas agus Nósanna Imeachta seo mórábhair imní nach dtagann faoi raon feidhme nósanna imeachta inmheánacha eile amhail an Cód Casaoide agus Araíonachta atá ann cheana nó na cóid lena gcumhdaítear Frithbhulaíocht agus Frithchiapadh Gnéasach agus Frithchiapadh san Áit Oibre. Sa chomhthéacs seo, níl sé cuí an Beartas agus Nósanna Imeachta seo a úsáid chun casaoid a thaisceadh a bhaineann go heisiach lena fhostaíocht nó lena fostaíocht féin de chuid aon Choimisinéara Pleanála/aon Bhaill Foirne. In imthosca áirithe, áfach, is féidir go dtarlóidh sé go bhféadfadh nochtadh cosanta gníomhachtú na gcód eile a spreagadh.

## 2.3 Nithe is féidir a chumhdach le Nochtaí Cosanta

Is féidir go mbainfidh nochtaí cosanta le hábhair imní faoi na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

(a) go ndearnadh cion, go bhfuil cion á dhéanamh nó gur dócha go ndéanfar cion,

(b) gur mhainnigh duine nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, sé nó sí ag mainneachtain, déanamh de réir aon oibleagáid dhlíthiúil, seachas oibleagáid dhlíthiúil a eascraíonn faoi chonradh fostaíochta an oibrí nó faoi chonradh eile trína ngeallann an t-oibrí aon obair nó seirbhísí a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta,

(c) gur tharla iomrall ceartais nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, iomrall ceartais ag tarlú,

(d) gur cuireadh sláinte nó sábháilteacht aon phearsan aonair i mbaol nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, sláinte nó sábháilteacht aon phearsan aonair á cur i mbaol,

(e) go ndearnadh damáiste don chomhshaol nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, damáiste á dhéanamh don chomhshaol,

(f) gur baineadh úsáid neamhdhleathach nó úsáid mhíchuí eile as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí, nó as airgead poiblí eile nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, úsáid neamhdhleathach nó úsáid mhíchuí eile á baint as an gcéanna,

(g) gur leatromach, idirdhealaitheach nó mórfhaillíoch atá gníomh nó neamhghníomh a bheith á dhéanamh ag comhlacht poiblí nó thar a cheann, nó gur mór-mhíbhainistíocht atá sa ghníomh nó sa neamhghníomh sin,

(h) iompar a sháraíonn Cód Iompair an Choimisiúin Pleanála,

(i) go ndearnadh faisnéis, a bhféadfar aon ní a thagann faoi réim aon cheann de na míreanna roimhe seo a léiriú inti, a cheilt nó a scriosadh nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, faisnéis den sórt sin á ceilt nó á scriosadh nó go ndearnadh iarracht faisnéis den sórt sin a cheilt nó a scriosadh nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, iarracht á déanamh faisnéis den sórt sin a cheilt nó a scriosadh.

## 2.4 Cad is Nochtadh Cosanta ann?

Ciallaíonn "nochtadh cosanta" nochtadh "faisnéise iomchuí" arna dhéanamh ag duine/ag oibrí atá cumhdaithe ag an reachtaíocht agus ag an mbeartas seo, ar nochtadh é a dhéantar ar an mbealach atá sonraithe sa reachtaíocht agus sa bheartas seo.

## 2.5 An tÁbhar atá i Nochtadh Cosanta

Sa chomhthéacs thuas, is faisnéis iomchuí faisnéis, más rud é –

(a) i dtuairim réasúnach an duine/an oibrí, go bhféadfar éagóiritheoireacht iomchuí amháin nó níos mó a léiriú inti, agus

(b) gur tháinig sí ar aird an duine/an oibrí i gcomhthéacs oibre.

## 2.6 Tucaid

Ní bhaineann an tucaid le nochtadh a dhéanamh leis an gceist maidir le cé acu is nochtadh cosanta é nó nach ea.

## 3. Coimircí

**3.1 Cosc a Chur ar Phionósú as Nochtadh Cosanta a Dhéanamh**

**3.2** Tá an Coimisiún Pleanála tiomanta don dea-chleachtas agus ardchaighdeáin sa rialachas corparáideach agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna. Áirítear leis sin tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne agus do Choimisinéirí, agus do dhaoine eile san áit oibre.

**3.3** Aithníonn an Coimisiún Pleanála gur féidir gur cinneadh atá deacair a dhéanamh é an cinneadh ar ábhar imní a thuairisciú, go háirithe mar gheall ar eagla fhéideartha go mbeadh freagairtí diúltacha ag na daoine sin a líomhnaítear a bheith páirteach i míchleachtas nó ag comhghleacaithe oibre eile don tuairisciú sin. Má tá na líomhaintí fíor (nó má tá cúiseanna maithe dílse ag an duine a chuireann an t-ábhar imní in iúl lena chreidiúint go bhféadfadh siad a bheith fíor), níor cheart aon eagla a bheith ar na daoine atá ag tuairisciú na líomaintí toisc go mbeidh siad ag comhlíonadh a ndualgais don eagraíocht, don Stát agus don phobal.

Ní dhéanfaidh an Coimisiún Pleanála duine a phionósú, ná pionós a bhagairt i gcoinne duine, as nochtadh cosanta a dhéanamh de mheon macánta.

Chuige sin, ciallaíonn 'pionósú' aon ghníomh nó neamhghníomh ag an gCoimisiún Pleanála a dhéanann difear do Choimisinéir Pleanála/do bhall foirne nó do dhaoine eile chun a aimhleasa nó chun a haimhleasa nó chun a n-aimhleasa maidir le haon téarma nó coinníoll dá fhostaíocht nó dá fostaíocht nó dá bhfostaíocht, agus folaíonn sé:

(a) fionraí, asleagan nó dífhostú,

(b) fionraí, asleagan nó dífhostú a bhagairt,

(c) ísliú céime nó deis ar ardú céime a chailliúint,

(d) aistriú dualgas, athrú ar shuíomh áite oibre, laghdú ar phá nó athrú ar uaireanta oibre,

(e) aon araíonacht, iomardú nó pionós eile (lena n-áirítear pionós airgeadais) a fhorchur nó a chur i bhfeidhm,

(f) caitheamh go héagórach le fostaí, lena n-áirítear fostaí a roghnú chun iomarcaíochta,

(g) comhéigean, imeaglú nó ciapadh,

(h) idirdhealú, míbhuntáiste nó caitheamh go holc,

(i) díobháil, damáiste nó caillteanas, agus

(j) bagairtí díoltais.

Aon duine a chuireann bac ar oibrí nó a dhéanann iarracht bac a chur air nó uirthi agus é nó í ag tabhairt tuairisce agus/nó a dhéanann duine a phionósú nó pionósú a bhagairt i gcoinne duine, nó a chuireann faoi deara go ndéanfaidh aon duine eile, nó a cheadaíonn d'aon duine eile, duine atá ag tabhairt tuairisc nochta chosanta a phionósú nó pionósú a bhagairt ina choinne nó ina coinne, nó a thionscnaíonn imeachtaí cráiteacha i gcoinne duine tuairiscithe nó a sháraíonn aon dualgas rúndachta maidir le céannacht duine tuairiscithe, **déanann sé nó sí cion**.

Aon Choimisinéir Pleanála/aon bhall foirne atá den tuairim, d'ainneoin thiomantas an Choimisiúin do chosc a chur ar dhuine a phionósú mar thoradh ar nochtadh cosanta a dhéanamh de mheon macánta, go bhfuil sé nó sí á phionósú nó á pionósú amhlaidh nó go ndearnadh é nó í a phionósú amhlaidh, féadfaidh sé nó sí an ní sin a chur in iúl faoi na Nósanna Imeachta Casaoide agus Araíonachta atá i bhfeidhm sa Choimisiún Pleanála.

### 3.4 Rúndacht

Déanfaidh an Coimisiún Pleanála a dhícheall céannacht aon Choimisinéara Pleanála/aon bhaill foirne nó aon duine eile a chuireann ábhar imní in iúl agus nach mian leis nó léi go nochtfaí a ainm nó a hainm a chosaint. Ní mór a thuiscint, áfach, go bhféadfadh go nochtfaí foinse na faisnéise mar gheall ar an bpróiseas imscrúdaithe agus go bhféadfadh go mbeadh ráiteas ón duine atá ag tarraingt aird ar an ní ag teastáil mar chuid d'aon imscrúdú. Má dhealraíonn sé, áfach, go bhfuil sé riachtanach céannacht an duine atá ag déanamh an nochta a chur in iúl do thríú páirtí, pléifidh an Coimisiún an ní sin roimh ré leis an duine atá ag déanamh an nochta agus breithneoidh sé aon tuairimí/ábhair imní atá ag an duine sula rachaidh sé ar aghaidh.

## 3.5 Nochtaí Anaithnide

Leis an mbeartas seo, spreagtar Coimisinéirí Pleanála/baill foirne nó aon duine eile a n-ainm a chur le haon nochtadh. Tá sé i bhfad níos deacra ábhair imní a chuirtear in iúl go hanaithnid a imscrúdú, ach is féidir iad a bhreithniú de lánrogha an phainéil dá dtagraítear i mír 5.3.

**3.6** Agus an lánrogha á feidhmiú, beidh na tosca seo a leanas ina measc sin a chuirfear san áireamh:

- tromchúise na saincheisteanna a cuireadh in iúl,
- creidiúnacht an ábhair imní, agus
- an dóchúlacht go ndéanfar an líomhain a dheimhniú ó fhoinsí ar féidir cur ina leith.

## 3.7 Líomhaintí Neamhfhírinneacha

Más rud é go dtuairiscíonn Coimisinéir Pleanála/ball foirne nó duine eile éagóiritheoireacht bhraite de mheon macánta laistigh de nochtadh, ach nach ndeimhnítear í leis an imscrúdú, ní dhéanfar aon ghníomh i gcoinne an duine atá ag déanamh na líomhna. Má dhéanann duine líomhain go suaibhreosach, de mheon mímhacánta nó ar mhaithe lena leas pearsanta, áfach, féadfar gníomh araíonachta a dhéanamh. Aon duine a thugann tuairisc ina bhfuil aon fhaisnéis is eol dó nó di a bheith bréagach, déanann sé nó sí cion.

# 4.Conas Ábhar Imní a Chur in Iúl

**4.1** Mar chéad chéim, ba cheart do Choimisinéir Pleanála/do bhall foirne nó do dhuine eile ábhair imní a chur in iúl do na daoine seo a leanas de ghnáth:-

- neas-Mhaoirseoir an duine nó, i gcás gurb iomchuí, Ceann limistéar oibre ar leith an duine.

Má tá an Coimisinéir Pleanála/an ball foirne nó duine eile den tuairim go bhfuil a ábhar imní nó a hábhar imní an-tromchúiseach nó go mbaineann sé le saincheist a bhaineann leis an eagraíocht ina hiomláine nó, de rogha air sin, go mbaineann sé le saincheist a bhaineann lena réimse oibre féin, féadfaidh an duine sin a mheas go mbeidh sé níos áisiúla nó níos cuí é a chur in iúl do shealbhóir aon cheann de na poist seo a leanas:

- An tOifigeach Eitice,
- An Ceann Acmhainní Daonna,
- Aon Stiúrthóir,
- An Príomhoifigeach,
- An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

**4.2** I gcás gur cuí leis an gCoimisinéir Pleanála/leis an mball foirne nó le duine eile, féadfaidh sé nó sí teagmháil a dhéanamh le Cathaoirleach Bhord Rialaithe an Choimisiúin agus/nó le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ag chairpersongovpd@pleanala.ie nó ag chairpersonarcpd@pleanala.ie

**4.3** Is fearr ábhair imní a chur in iúl i scríbhinn. Ba cheart don Choimisinéir Pleanála/do bhall foirne nó do dhuine eile féachaint le mionsonraí an ábhair imní a leagan amach, agus ainmneacha, dátaí agus áiteanna á dtabhairt i gcás gur féidir, agus an chúis a bhfuil ábhar imní ann faoin gcás á tabhairt. Mura bhfuil muinín ag an duine ar dtús as an ábhar imní a chur i scríbhinn, féadfaidh sé nó sí glaoch ar an oifigeach cuí nó bualadh leis nó léi.

**4.4** Cé nach n-éilítear ar Choimisinéir Pleanála/ar bhall foirne nó ar dhuine eile a chuireann ábhar imní in iúl fírinne aon líomhna laistigh d'ábhar

imní a chruthú, beidh ar an duine sin a thaispeáint don duine a ndearnadh teagmháil leis nó léi go bhfuil forais réasúnacha ann leis an ábhar imní.

**4.5** Is féidir le Coimisinéir Pleanála/le ball foirne nó le duine eile cabhair, comhairle agus treoir a fháil ó aon duine de na hoifigigh atá ainmnithe thuas maidir le hábhair imní a chur in iúl.

**4.6** Is féidir go mbeidh fonn ar Choimisinéir Pleanála/ar bhall foirne nó ar dhuine eile an t-ábhar imní a phlé le comhghleacaí ar dtús agus is féidir go mbeadh sé níos fusa dó nó di an ní a chur in iúl má tá beirt (nó níos mó daoine) a raibh an t-eispéireas céanna nó an t-ábhar imní céanna acu ann.

**4.7** Mura bhfuil fonn ar Choimisinéir Pleanála/ar bhall foirne nó ar dhuine eile an t-ábhar imní a chur in iúl go pearsanta, féadfaidh sé nó sí a iarraidh ar a cheardchumann nó a ceardchumann nó ar a chomhlachas gairmiúil nó a comhlachas gairmiúil an tsaincheist a chur in iúl.

## 5. Conas a Fhreagróidh an Coimisiún Pleanála

**5.1** Déanfar ábhair imní a cuireadh in iúl a admháil i scríbhinn don duine tuairiscithe tráth nach déanaí ná seacht lá tar éis na tuairisce ar a ábhair imní nó a hábhair imní a fháil.

**5.2** Cosnófar rúndacht chéannacht an duine tuairiscithe agus aon tríú páirtí atá luaite sa tuairisc, agus ní bheidh rochtain ar an tuairisc ach amháin ag pearsanra atá bainteach go hoifigiúil lena phróiseáil nó lena próiseáil i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa Bheartas agus Nósanna Imeachta. Leanfar de chéannacht aon duine a rinne nochtadh a choinneáil faoi rún a mhéid is féidir ar fud an phróisis agus, má mheastar gur gá í a nochtadh, rachfar i gcomhairle leis an duine sin ar dtús faoin ní.

**5.3** Beidh an gníomh a dhéanfaidh an Coimisiún Pleanála ag brath ar chineál an ábhair imní. Maidir leis na nithe a cuireadh in iúl:

- féadfar iad a réiteach go háitiúil tríd an duine ar cuireadh an t-ábhar imní in iúl dó nó di más rud é gur féidir é sin a dhéanamh chun sástacht an duine atá ag cur an ábhair imní in iúl agus gur deimhin leis an duine ar cuireadh an t-ábhar imní in iúl dó nó di gur féidir an tsaincheist a réiteach go sásúil ar an leibhéal sin agus nach bhfuil aon impleachtaí níos leithne ann don eagraíocht; in imthosca den sórt sin, ba cheart don duine ar cuireadh an t-ábhar imní in iúl dó nó di taifead i scríbhinn a choinneáil agus ba cheart cóip den taifead sin a thabhairt don Oifigeach Eitice;

- féadfar iad a imscrúdú go hinmheánach de réir nós imeachta a gcinnfidh na sealbhóirí oifige i bpoist an Stiúrthóra Gnóthaí Corparáideacha, an Phríomhoifigigh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an duine ar tuairiscíodh an t-ábhar imní dó nó di é i ngach cás. I gcás go ndéanfar tagairt d'aon duine de na sealbhóirí oifige sin nó go bhféadfadh go luafaí iad ar bhealach ar bith sa ní is ábhar don ábhar imní, ainmneoidh an Príomhoifigeach nó an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin daoine malartacha atá sna poist dá dtagraítear i mír 4.1 chun painéal a bhunú chun cineál an imscrúdaithe a chinneadh;

- féadfar iad a bheith ina n-ábhar d'fhiosrúchán neamhspleách (a seolfaidh sainchomhairleoirí seachtracha é);

- féadfar iad a tharchur chuig an nGarda Síochána.

Déanfaidh an painéal dá dtagraítear sa dara pointe urchair an cinneadh maidir le cé acu de na trí rogha dheireanacha atá le saothrú (faoi réir athbhreithnithe comhchosúla, más gá). Glactar leis gur féidir go ndéanfar níos mó ná ceann amháin de na roghanna thuas a ghníomhachtú nó a chur i gcrích mar thoradh ar nochtadh.

**5.4** Chun daoine aonair agus dea-cháil an Choimisiúin Pleanála a chosaint, déanfar fiosruithe tosaigh go hinmheánach chun a chinneadh an bhfuil gá le himscrúdú agus, má tá, cén fhoirm ar cheart an t-imscrúdú a bheith inti. Is é nó í an duine ar tuairiscíodh an ní is ábhar don ábhar imní dó nó di a dhéanfaidh na fiosruithe tosaigh. Tuairisceoidh an duine sin ar dtús don Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha, don Phríomhoifigeach nó don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, a thionscnóidh aon imscrúdú riachtanach dá dtagraítear i mír 5.3 mura féidir réiteach a fháil de réir mhír 5.3.

**5.5** I gcás go socraítear aon chruinniú i leith nochtadh cosanta idir an t-oifigeach/na hoifigigh atá ag breithniú/ag imscrúdú nochtadh den sórt sin agus an duine a rinne an nochtadh nó duine atá luaite sa nochtadh sin, féadfaidh ionadaí ó Cheardchumann nó ó chomhlachas gairmiúil nó comhghleacaí oibre a bheith in éineacht leis an gCoimisinéir Pleanála/leis an mball foirne lena mbaineann (faoi réir aird chuí a thabhairt ar aon cheanglais riachtanacha rúndachta a bhaineann le faisnéis inmheánach).

**5.6** Déanfar bearta chun íoslaghdú a dhéanamh ar aon deacrachtaí a dtagann duine atá ag cur saincheist in iúl a bheith aige nó aici nó a measann sé nó sí go dtiocfaidh siad air nó uirthi mar thoradh ar an ábhar imní a chur in iúl. Mar shampla, má cheanglaítear ar dhuine fianaise a thabhairt in imeachtaí coiriúla nó araíonachta, cuirfear ar an eolas é nó í faoin nós imeachta.

**5.7** Glacann an Coimisiún Pleanála leis gur gá a dhearbhú do dhaoine a chuireann saincheisteanna den chineál atá i gceist in iúl gur tugadh aghaidh ar an ní go cuí. Sa chomhthéacs sin, cuirfear an duine ar an eolas faoin toradh substainteach ar chur in iúl an ábhair imní agus faoi aon imscrúdú ar an ní a cuireadh in iúl, lena n-áirítear ainm/ainmneacha an duine/na ndaoine a rinne aon imscrúdú den sórt sin. Tá an Coimisiún Pleanála tiomanta freisin don duine a rinne nochtadh cosanta a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn ar an ní ar bhonn leanúnach roimh an toradh substainteach ar an gcéanna. Soláthrófar aiseolas leanúnach faoin bpróiseas inmheánach don duine tuairiscithe, rud a dhéanfar de ghnáth tríd an duine nó na daoine ar tugadh an tuairisc dó nó di nó dóibh ar dtús, laistigh de thréimhse

réasúnach agus tráth nach déanaí ná trí mhí ó dháta na hadmhála go bhfuarthas an t-ábhar imní. Beidh an méid teagmhála idir na hoifigigh atá ag breithniú na saincheisteanna agus an duine a chuir an tsaincheist in iúl ag brath ar chineál na nithe a cuireadh in iúl, ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le himscrúdú a dhéanamh, agus ar shoiléire na faisnéise a soláthraíodh. Más gá, iarrfar tuilleadh faisnéise ó aon duine a bhfuil faisnéis iomchuí aige nó aici nó ón duine a thuairiscigh an t-ábhar imní. I gcás ar bith, i gcás go n-iarrann an duine tuairiscithe amhlaidh i scríbhinn, soláthrófar tuilleadh aiseolais ag eatraimh nach lú ná trí mhí go dtí go ndúnfar an ní.

**5.8** Tá na gealltanais thuasluaite faoi réir aon cheanglas riachtanach rúndachta a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith faisnéis a chuirtear ar fáil/a fhaightear le linn imscrúdaithe, áfach.

**5.9** Maidir le nithe a cuireadh in iúl ar nithe iad a bhaineann le Coimisinéir Pleanála/ball foirne eile nó le duine eile nó ina n-ainmnítear an duine sin i gcomhthéacs nochta chosanta, glacann an Coimisiún Pleanála leis go mbeidh feidhm ag prionsabail an cheartais nádúrtha sula ndéanfar aon imscrúdú ar na nithe a cuireadh in iúl a chur i gcrích. Áireofar le cur i bhfeidhm na bprionsabal sin an ceart a thabhairt do dhuine ainmnithe den sórt sin aon éilimh a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir lena rannpháirtíocht/lena iompar nó lena hiompar sa ní a cuireadh in iúl agus aon fhianaise a d'fhéadfadh a bheith aimsithe ag aon imscrúdú ar an gcéanna a fheiceáil agus a bhreithniú agus deis leordhóthanach a thabhairt don duine ainmnithe freagra iomlán a thabhairt ar an gcéanna sula gcuirfear aon imscrúdú den sórt sin i gcrích, ach ní gá go mbeidh an cur i bhfeidhm sin teoranta dóibh sin. Is féidir go ndéanfar céannacht an duine atá ag tabhairt na tuairisce nochta a choinneáil siar fós laistigh den phróiseas sin.

**5.10** Má chuirtear ní in iúl faoin nós imeachta seo, déanfaidh an duine ar cuireadh é in iúl dó nó di an Príomhoifigeach agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a chur ar an eolas gan mhoill más rud é go bhféadfadh go mbeadh iarmhairt thromchúiseach don eagraíocht ag an ní is ábhar imní agus nach mbaineann sé le ceachtar de na sealbhóirí poist sin.

# 6. Bealaí Seachtracha chun Nochtaí Cosanta a Dhéanamh

**6.1** Tá an beartas seo dírithe go príomha ar bhealaí inmheánacha chun bealach a sholáthar do Choimisinéirí Pleanála/do bhaill foirne nó do dhaoine eile chun ábhair imní a chur in iúl laistigh den eagraíocht. Tá súil ag an gCoimisiún Pleanála go mbeidh daoine a chuireann nithe iomchuí in iúl sásta le haon imscrúdú a dhéanann an eagraíocht nó a dhéantar thar a ceann. Cé go moltar sa chreat seo agus sa reachtaíocht gur cheart go ginearálta Nochtaí Cosanta a dhéanamh, ar an gcéad ásc, do **phearsana inmheánacha ainmnithe**, agus cé go bhforáiltear don mhéid sin leis an gcreat seo agus leis an reachtaíocht, foráiltear leis an reachtaíocht gur féidir, de rogha air sin, nochtaí a dhéanamh ar an gcéad dul síos, nó ina dhiaidh sin (faoi réir coinníollacha áirithe), do bhealaí seachtracha ainmnithe.

**6.2** Forordaítear leis an Ordú fán Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (Nochtadh do Dhaoine Forordaithe), 2020, gurb é an Rialálaí Pleanála in Oifig an Rialálaí Pleanála an duine forordaithe chun nochtaí lena mbaineann éagóiritheoireachtaí iomchuí a thagann faoi gach ní a bhaineann le feidhmeanna na hoifige sin (an córas pleanála, go bunúsach) a fháil.

**6.3** Le hAcht 2022, cruthaítear **Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta** nua (ar ról é atá leithdháilte anois ar an Ombudsman láithreach). Ar nochtadh cosanta a fháil di, tá sé de cheangal ar an Oifig sin é a tharchur chuig an g**comhlacht forordaithe** cuí lena imscrúdú – ní dhéanfaidh sí féin imscrúdú ach amháin mura bhfuil aon duine forordaithe cuí ann.

**6.4** Leis an Acht nua, cruthaítear bealach seachtrach breise d'**Aire (nó d'Aire Stáit) den Rialtas** i gcás go bhfuil nó go raibh duine atá ag tabhairt tuairisce ina fhostaí nó ina fostaí de chuid comhlachta Stáit agus go bhfuil nochtadh cosanta déanta aige nó aici go hinmheánach agus d'aon chomhlacht forordaithe seachtrach ach nach bhfuil aiseolas faighte aige nó aici ó na foinsí sin agus go bhfuil sé nó sí den tuairim:

(i) gur neamh-leordhóthanach a bhí aon aiseolas nó aon ghníomh leantach,

nó

(ii) go bhfuil ceann an chomhlachta phoiblí lena mbaineann comhpháirteach san éagóiritheoireacht iomchuí lena mbaineann,

nó

(iii) gur féidir gur garchontúirt nó contúirt fhollasach do leas an phobail atá san éagóiritheoireacht líomhnaithe.

Is é an tAire Stáit um Pleanáil sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an tAire iomchuí a chumhdaíonn an Coimisiún Pleanála.

**6.5** Tá na tairseacha le haghaidh tuairiscí nochta chosanta a thabhairt do bhealaí seachtracha tuairiscithe níos airde ná iad siúd le haghaidh tuairiscí a thabhairt go hinmheánach. Tá achoimre thíos ar na tairseacha éagsúla agus na ceanglais éagsúla de réir na reachtaíochta:

**Bealach Inmheánach:**
Tháinig an ní ar aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair agus tá tuairim réasúnach ann go bhféadfar éagóiritheoireacht iomchuí a léiriú san fhaisnéis.

Is féidir an tuairisc nochta chosanta a thabhairt i scríbhinn nó ó bhéal nó sa dá cheann.

**Comhlacht Forordaithe Seachtrach (Oifig an Rialálaí Pleanála):**
Tháinig an ní ar aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair agus tá tuairim réasúnach ann go bhféadfar éagóiritheoireacht iomchuí a léiriú san fhaisnéis.

Tá tuairim réasúnach ann go bhfuil an fhaisnéis agus aon líomhain atá inti **fíor go substaintiúil**.

Tá tuairim réasúnach ann go mbaineann an éagóiritheoireacht iomchuí líomhnaithe le ní a bhfuil Oifig an Rialálaí Pleanála forordaithe ina leith, i.e., gach ní a bhaineann le feidhmeanna Oifig an Rialálaí Pleanála.

**Ní mór** an tuairisc nochta chosanta a thabhairt i scríbhinn agus ó bhéal.

**Coimisinéir Seachtrach um Nochtadh Cosanta:**
Tháinig an ní ar aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair agus tá tuairim réasúnach ann go bhféadfar éagóiritheoireacht iomchuí a léiriú san fhaisnéis.

Tá tuairim réasúnach ann go bhfuil an fhaisnéis agus aon líomhain atá inti **fíor go substaintiúil**.

**Ní mór** an tuairisc nochta chosanta a thabhairt i scríbhinn agus ó bhéal.

**An tAire Stáit um Pleanáil sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.**

Tháinig an ní ar aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair agus tá tuairim réasúnach ann go bhféadfar éagóiritheoireacht iomchuí a léiriú san fhaisnéis.

Tá tuairim réasúnach ann go bhfuil an fhaisnéis agus aon líomhain atá inti **fíor go substaintiúil**.

**Comhlíonann an ní ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas freisin:**

- Tugadh tuairisc nochta chosanta go hinmheánach agus/nó go seachtrach ach tá tuairim réasúnach ag an duine atá ag tabhairt na tuairisce nach ndearnadh aon ghníomh nó go ndearnadh gníomh leantach neamh-leordhóthanach.

- Tá tuairim réasúnach ag an duine atá ag tabhairt na tuairisce go bhfuil Ceann an chomhlachta phoiblí lena mbaineann comhpháirteach san éagóiritheoireacht.

- Tá tuairim réasúnach ag an duine atá ag tabhairt na tuairisce gur féidir gur garchontúirt nó contúirt fhollasach do leas an phobail atá san éagóiritheoireacht.

Is de lánrogha an Aire atá an modh déanta (i scríbhinn/ó bhéal).

# 7. Athbhreithniú ar Bhreitheanna

**7.1** Is féidir na breitheanna seo a leanas a bheith faoi réir athbhreithniú ar iarraidh a fháil ón duine atá ag déanamh nochtadh cosanta nó ó dhuine atá ainmnithe i nochtadh den sórt sin:

(i) Aon bhreith a tugadh chun céannacht an nochtóra a nochtadh;

(ii) An toradh ar aon mheasúnú/imscrúdú inmheánach a rinneadh i leith an nochta chosanta; agus

(iii) Tá an toradh ar aon mheasúnú/imscrúdú inmheánach a rinneadh i leith aon ghearán faoi phionósú faoi réir an Nós Imeachta Casaoide agus Araíonachta inmheánaigh atá i réim.

Aon athbhreithniú nó aon chomhdhéanamh a dhéanfar ar phainéal athbhreithnithe, is iad daoine nach raibh baint acu le fáil tosaigh na nochtaí nó le measúnú, imscrúdú nó breith ón bpainéal athbhreithnithe ar an nochtadh a dhéanfaidh é. Faoi réir an mhéid sin roimhe seo, comhdhéanfaidh an t-oifigeach is sinsearaí ar an bpainéal atá liostaithe i mír 4.1 painéal athbhreithnithe nach mbeidh níos lú ná triúr ann, agus roghnóidh an duine sin é as measc na gcomhaltaí atá ar fáil den phainéal sin nó as measc comhaltaí eile den Choiste Bainistíochta.

Déanfar aon iarraidh ar athbhreithniú laistigh de sheacht lá ón dáta a chuirtear an bhreith atá i gceist in iúl do na daoine iomchuí. Cuirfear an t-athbhreithniú i gcrích a luaithe is féidir.

## 8. Nithe Ginearálta Eile

**8.1** Níor cheart do dhaoine a bhfuil ábhair imní acu iarracht a dhéanamh imscrúdú a dhéanamh iad féin ar nithe chun cruthúnas a fháil ar a n-ábhair amhrais ná níor cheart do dhuine a bhfuil tuairisc nochta chosanta tugtha aige nó aici freagracht phearsanta a ghlacadh as cultúr trédhearcachta a chur chun cinn laistigh den eagraíocht. I gcás go bhfuil tuairisc tugtha ag oibrí, is cuma cé acu a rinneadh í a mheasúnú nó a imscrúdú nó nach ndearnadh, tá sé de cheangal ar an oibrí fós iompar go gairmiúil agus leanúint dá dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh mar is gnách.

**8.2** A luaithe a dhéantar nochtadh cosanta, ní féidir é a tharraingt siar.

**8.3** Coinneofar seoladh ríomhphoist tiomnaithe ag **protecteddisclosure@pleanala.ie** ar bun freisin agus beidh sé de shainchúram ar shealbhóir phost an Oifigigh Eitice go huathoibríoch.

**8.4** Déanfar an líon nochtaí cosanta a dhéantar in aon bhliain ar leith a nochtadh don Choimisiún Pleanála trí thuairiscí don Bhord Rialaithe agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus tabharfar tuairisc orthu sa tuarascáil bhliantúil a bhaineann le Nochtaí Cosanta ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.


**8.5** Tá sreabhchairt ina leagtar amach na bealaí éagsúla chun nochtaí a dhéanamh faoi iamh mar Aguisín 1 a ghabhann leis an mBeartas agus Nósanna Imeachta.

## 9. Na hOifigigh Fhreagracha

**9.1** Tá freagracht fhoriomlán ar an Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha agus ar an Oifigeach Eitice as cothabháil agus oibriú an bheartais seo/an chóid seo. Coinneoidh an tOifigeach Eitice taifead ar na hábhair imní a chuirtear in iúl agus ar na torthaí ach déanfaidh sé nó sí amhlaidh ar bhealach nach gcuireann rúndacht i mbaol. Tuairisceoidh na pearsana sin de réir mar is gá do Bhord Rialaithe an Choimisiúin Pleanála ar oibriú an bheartais agus nósanna imeachta.

**9.2** Tá freagracht fhoriomlán rialachais ar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Choimisiúin Pleanála as a chinntiú go bhfuil an beartas seo i bhfeidhm agus go bhfuil sé ag obair go héifeachtach.

# Aguisín 1: Achoimre ar an bPróiseas Nochta Chosanta sa Choimisiún Pleanála.



| **Stair Leasaithe** | | |
|---|---|---|
| **Dáta an Athbhreithnithe** | **Athruithe arna nDéanamh** | **Arna Nuashonrú/Arna Cheadú ag** |
| **Deireadh Fómhair 2023** | **Beartas nua chun an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2022, a léiriú** | **Tosú Bhord an Bhoird Pleanála: 1/12/23** |
| **Deireadh Fómhair 2025** | **Nuashonrú chun an t-athrú i struchtúr agus i róil a eascraíonn as Caibidil 17 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, a léiriú** | |